Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9012/18**

**EDUC 160**
**JEUN 58**
**SOC 253**
**EMPL 196**
**COMPET 316**
**TELECOM 141**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8701/18 EDUC 150 JEUN 53 SOC 233 EMPL 178 COMPET 284 TELECOM 124 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn, na conclúidí maidir le dul chun cinn i dtreo físe de Limistéar Eorpach Oideachais, a ghlac an Chomhairle ag an 3617ú cruinniú dá cuid ar an 22 Bealtaine 2018.

**IARSCRÍBHINN**

## Conclúidí ón gComhairle maidir le dul chun cinn i dtreo fís de Limistéar Eorpach Oideachais

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:

ag meabhrú di an cúlra polaitíochta a bhaineann leis an tsaincheist thuasluaite mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo,

AG MEABHRÚ DI AN MÉID SEO A LEANAS

1. gné shóisialta an oideachais mar a luaitear sa chéad phrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta: tá cách i dteideal oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach a fháil, d'fhonn scileanna a choinneáil agus a fháil a chuirfidh ar chumas an duine sin a bheith rannpháirteach go hiomlán sa tsochaí agus oiriúnú mar is cuí don mhargadh saothair.

2. i gcomhthéacs an Chruinnithe Mullaigh Shóisialta in Göteborg ar an 17 Samhain 2017, bhí clár oibre na gceannairí dírithe ar chúrsaí oideachais agus cultúir. Bunaíodh tacaíocht pholaitiúil do roinnt réimsí sonracha oibre, ar bhonn, den chuid is mó, na teachtaireachta ón gCoimisiún dar teideal 'Strengthening European Identity through Education and Culture' [An Fhéiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr] inar léiríodh an smaoineamh oibriú as láimh a chéile, agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, i dtreo fís chomhroinnte maidir le Limistéar Eorpach Oideachais bunaithe ar mhuinín, aitheantas frithpháirteach, comhar agus malartú dea-chleachtas, soghluaisteacht agus fás, faoi 2025.

3. Mar obair leantach ar Chruinniú Mullaigh Göteborg, sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 14 Nollaig 2017 tugadh tosaíocht ar chlár oibre polaitiúil na hEorpa don oideachas agus lenar cruthaíodh móiminteam le dul chun cinn suntasach a bhaint amach sa réimse sin.

MEASANN SÍ AN MÉID SEO A LEANAS

4. Tá an t-oideachas agus an cultúr ríthábhachtach chun muintir na hEorpa a thabhairt le chéile agus tá siad den ríthábhacht do thodhchaí daoine aonair agus don Aontas ina iomláine. Ba cheart go mbeadh gach Eorpach in ann tairbhe a bhaint as oidhreacht éagsúil, choiteann an chultúir agus an oideachais.

5. Ba cheart go mbeadh foghlaim ar feadh an tsaoil leanúnach, ó oideachas agus cúraim na luath-óige tríd an scoil agus an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint go dtí an t-ardoideachas agus oideachas do dhaoine fásta.

6. Le limistéar Eorpach Oideachais ba cheart soghluaisteacht agus comhar san oideachas agus san oiliúint a chur chun cinn agus a chothú agus tacú le Ballstáit chun a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú.

7. CUIREANN SÍ I dTREIS gur bonn luachmhar atá sa chreat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) d'fhonn comhthosaíochtaí a leagan síos agus a chur ar chumas na mBallstát a gcórais oideachais agus oiliúna a nuachóiriú.

8. IARRANN SÍ ar na Ballstáit leanúint leis an machnamh ar fhís chomhroinnte maidir le Limistéar Eorpach Oideachais, lena n-áirítear a chuspóirí agus raon feidhme féideartha, agus a naisc leis an gcreat straitéiseach iar-2020 don chomhar san oideachas agus oiliúint. Leis an obair leantach ar ET 2020 trí chomhar méadaithe idir na Ballstáit agus le tacaíocht ón gCoimisiún, ba cheart foghlaim fhrithpháirteach a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí breise chun fís de Limistéar Eorpach Oideachais a chomhlíonadh. D'fhonn fís an Limistéir Eorpaigh an Oideachais a chur ar aghaidh, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na hábhair seo a leanas:

9. ERASMUS+

9.1. LEAGANN SÍ BÉIM ar an rath mór atá ar chlár Erasmus+, ar thionscadal suaitheanta de chuid an Aontais é, lena gcuirtear dlús faoi shoghluaisteacht foghlama san Eoraip agus níos faide i gcéin, agus ar mór an cuidiú é le feabhas a chur ar fhorbairt phearsanta agus ar inniúlachtaí idirchultúrtha agus féiniúlacht Eorpach a neartú; ar cúl taca é le haghaidh an chomhair a dhéantar ar gach leibhéal ar fud an Aontais idir institiúidí oideachais agus oiliúna; lena gcuirtear, freisin, le hiomaíochas an Aontais; agus lena dtreisítear cur chun cinn luachanna coiteanna na hEorpa.

9.2. IS DÍOL SÁSAIMH DI toradh na meastóireachta meántéarmaí ar Erasmus+ agus IARRANN SÍ go ndéanfaí bearta le rannpháirtíocht a mhéadú agus a leathnú, leanúint le díriú ar thionchar agus cáilíocht na dtionscadal, le hoideachas ardcháilíochta a chothú agus le rochtain ar an gcéad ghlúin eile den chlár Erasmus+ a chur ar fáil ar bhonn níos cuimsithí agus níos cothroime, mar shampla trí chomhionannas deiseanna a athneartú agus rochtain ar an gclár a fheabhsú do réigiúin agus do ghrúpaí atá faoi ghannionadaíocht, agus d'iarratasóirí céaduaire agus d'eagraíochtaí ar lú a n-acmhainneacht i ngach aon chuid den chlár. D'fhéadfaí sineirgí le foinsí cistiúcháin eile de chuid an Aontais a atreisiú agus aon fhorluí a sheachaint.

9.3. IARRANN SÍ go ndéanfar na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú tuilleadh d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú ar gach leibhéal.

10. SCILEANNA DIGITEACHA AGUS OIDEACHAS DIGITEACH

10.1. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus ar an teagasc sa ré dhigiteach agus feabhas a chur ar fhorbairt na hinniúlachta digití - atá ar cheann de phríomhinniúlachtaí na foghlama ar feadh an tsaoil - trí aird ar leith a thabhairt ar Sofia Call for Action on Digital Skills and Education [Glao Shóifia chun Gnímh maidir le Scileanna Digiteacha agus Oideachas Digiteach] agus ar an bplean gníomhaíochta don oideachas digiteach.

10.2. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR nach mór don chéad ghlúin eile den Chlár Erasmus+ agus clár cistithe eile de chuid an Aontais tacú le hoiriúnú na gcóras agus na mbonneagar oideachais agus oiliúna don aois dhigiteach.

10.3. IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN GCOIMISIÚN, AG GNÍOMHÚ DÓIBH FAOI CHUIMSIÚ A N-INNIÚLACHTAÍ FAOI SEACH, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

10.3.1. Tacú le nuachóiriú na gcóras oideachais agus oiliúna tríd an nuáil, lena n-áirítear trí úsáid oideolaíocht agus nuálach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha a thacaíonn le cáilíocht agus nádúr cuimsitheach an oideachais agus na hoiliúna agus trí úsáid iomchuí a bhaint as cláir agus uirlisí cistithe ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an uirlis dheonach féinmheasúnaithe SELFIE, tionscnamh agus comhar gach geallsealbhóir a spreagadh chun oideachas agus oiliúint a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear scileanna digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim ar fad.

10.3.2. Bearta nithiúla a ghlacadh chun forbairt scileanna digiteacha agus scileanna litearthachta sna meáin a chur chun cinn i measc Eorpaigh óga agus fásta d'fhonn teacht aniar a chothú i gcoinne na bréagnuachta, na bolscaireachta agus na mbolgán scagtha agus chun na saoránaigh uile, lena n-áirítear iad siúd ó chúlra faoi mhíbhuntáiste, a chumasú leis na scileanna atá de dhíth orthu chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus as an idirlíon ar mhaithe leo féin agus leis an rannpháirtíocht shibhialta.

10.3.3. Oideachas a spreagadh a chothaíonn an chruthaitheacht agus an fhiontraíocht agus, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir le forálacha dlíthiúla atá ann cheana, comhar a chothú idir oideachas agus gnó agus an tsochaí shibhialta chun uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d’oideoirí lena n-áirítear mar shampla cláir oiliúna i scileanna digiteacha a fhorbairt. Aithníonn sí an obair atá déanta ag an líonra um maoin intleachtúil san oideachais, arna bhainistiú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh a dhéanann.

11. AN tARDOIDEACHAS

11.1. MEABHRAÍONN SÍ dúshláin shonracha d'earnáil ardoideachais na hEorpa mar a leagadh amach iad i mí na Samhna 2017 sna Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas.

11.2. AITHNÍONN SÍ an breisluach cruthaithe a bhaineann le soghluaisteacht foghlama agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha ó Erasmus+ ar fud an Aontais lena gcothaítear comhar san ardoideachas, chomh maith le tionscadail amhail an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht agus gníomhartha Marie Skłodowska-Curie.

11.3. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé comhar straitéiseach a neartú idir institiúidí ardoideachais san Eoraip trí bhíthin cur chuige ón mbonn aníos nach mbeadh maorlathas ag baint leis agus a bheadh solúbtha cuimsitheach oscailte trédhearcach.

11.4. TACAÍONN SÍ le teacht chun cinn 'Ollscoileanna Eorpacha', ar líonraí ón mbun aníos iad atá cuimsitheach ar bhonn geografach agus sóisialta agus a fheidhmíonn gan bhac gan srian thar theorainneacha, a d'fhéadfadh príomhról a glacadh chun an limistéar Eorpach oideachais ina iomláine a chruthú, ag cur le cumhachtú glúine nua saoránaigh na hEorpa agus iomaíochas idirnáisiúnta an ardoideachais san Eoraip a neartú. MEASANN SÍ go bhféadfadh 'Ollscoileanna Eorpacha' soghluaisteacht a fheabhsú go sonrach, ardcháilíocht a chothú agus barr feabhais a chothú san oideachas agus sa taighde, tríd an nasc a neartú idir an taighde, an teagasc, an nuáil agus aistriú eolais, trí bhuntáistí na foghlama ilteangaí a léiriú, agus trí cháilíochtaí a aithint agus trí chláir chomhpháirteacha oideachais agus thaighde a fhorbairt.

11.5. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA, AGUS I NDLÚTHCHOMHAR LEIS NA BALLSTÁIT chun chun príomhchuspóirí agus coincheap 'Ollscoileanna Eorpacha' a fhorbairt agus a bhunú agus tacaíocht a thabhairt don fhorbairt sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur bhunaigh an Coimisiún sainghrúpa ad-hoc ar a bhfuil saineolaithe ó na Ballstáit chun na críche sin. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhforbrófar na critéir roghnúcháin don chéim phíolótach de 'Ollscoileanna Eorpacha' i gcomhréir leis na nósanna imeachta a shonraítear sa Rialachán Erasmus+[1].

11.6. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuairisc rialta a thabhairt don Chomhairle maidir leis an dul chun cinn chun na critéir roghnúcháin a fhorbairt d'fhonn 'Ollscoileanna Eorpacha' a bhunú ar bhonn píolótach. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún in éineacht leis na Ballstáit agus bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail, machnamh a dhéanamh ar chuma 'Ollscoileanna Eorpacha'.

11.7. CUIREANN SÍ I bhFIOS go bhfuil ról lárnach ag an gcomhar idir ollscoileanna agus gnólachtaí maidir le hiomaíochas agus fás eacnamaíoch agus sóisialta an Aontais a chothabháil. AITHNÍONN SÍ an méid a rinneadh i bhFóram an Aontais Eorpaigh um Idirphlé idir Ollscoileanna agus Gnólachtaí. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le tacaíocht leanúnach do chomhpháirtíochtaí idir ollscoileanna agus gnólachtaí chun cur lena gcumas taighde agus nuálaíochta agus chun oideolaíochtaí nuálacha a fhorbairt.

11.8. IARRANN SÍ ar na Ballstáit bearta a chothú, agus tacaíocht an Choimisiúin á fáil acu, chun feabhas a chur ar acmhainneacht fhiontraíoch nuálach na n-institiúidí ardoideachais, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as an uirlis féinmheasúnaithe HEInnovate.

11.9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus bunaithe ar thorthaí an treoirthionscadail, féachaint an bhféadfaí cárta mic léinn Eorpach a chruthú, a chuirfeadh le soghluaisteacht fheabhsaithe foghlama trí sheirbhísí níos fearr do mhic léinn agus riarachán laghdaithe do na hinstitiúidí ardoideachais a áirithiú.

1 Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013, OJ L347 de 20.12.2013, lch. 50.

12. OIDEACHAS ARDCHÁILÍOCHTA AGUS CUIMSITHEACH

12.1. MEABHRAÍTEAR DI a bhfuil i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta: tá gach leanbh i dteideal oideachas luath-óige agus cúram ardcháilíochta atá inacmhainne. CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart na hiarrachtaí a dhéanamh a chun na tosaíochtaí a leagadh amach i gconclúidí 2011 ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram na luath-óige a bhaint amach agus chun na leanaí uile a choinneáil i gcórais oideachais agus cúraim luath-óige, lena n-áirítear iad siúd ó réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh na socheacnamaíochta de, mar aon leo siúd ar den uile chúlra socheacnamaíoch iad.

12.2. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá atá le hoideachas cuimsitheach ardcháilíochta a áirithiú agus chun tacú le forbairt na bhfoghlaimeoirí ar fad, lena n-áirítear trí dhíriú ar na tosaíochtaí a leagtar amach i gconclúidí ón gComhairle mhí na Samhna 2017 maidir le forbairt na scoile agus teagasc den scoth.

12.3. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá tarraingteacht agus tábhacht ghairm na múinteoireachta agus na foirne oideachais eile a chur chun cinn agus tacú lena n-uasoiliúint leanúnach. Cé nach fios fós cad iad na poist a bheidh ann amach anseo, tá an ghairm sin ar na gairmeacha a bheidh lárnach i gcónaí sa tsochaí i ré na nuálaíochta trasearnálaí teicneolaíche agus na hintleachta saorga. Chuige sin, ba cheart soghluaisteacht múinteoirí agus foirne oideachais, agus cumarsáid níos fearr idir na comhlachtaí atá freagrach as a n-oiliúint, a chur chun cinn.

12.4. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá oibriú i gcomhpháirt chun luathfhágáil scoile san Eoraip a laghdú agus chun méadú a chur faoi dheiseanna rochtana cothroma ar oideachas agus scileanna bunúsacha do na grúpaí leochaileacha uile, lena n-áirítear leanaí na n-oibrithe a athlonnaíonn go Ballstát eile ar feadh tréimhse, bíodh sí sin gearr nó fada.

12.5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag leanaí agus daltaí nuair a fhilleann siad ar chóras oideachais a dtír dhúchais tar éis tréimhsí a chaitheamh thar lear i gcás nach leordhóthanach an chumarsáid idir na córais oideachais náisiúnta.

12.6. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, agus tacaíocht an Choimisiúin á fáil acu, i gcásanna inarb iomchuí, breathnú ar na bealaí is féidir feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le stádas oideachasúil na ndaltaí i gcás soghluaisteachta, agus dlí an Aontais maidir le cosaint sonraí pearsanta á n-urramú ag an am céanna.

13. FOGHLAIM TEANGACHA

13.1. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann leis an inniúlacht ilteangach agus Limistéar Eorpach Oideachais á chruthú. CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR a ríthábhachtaí atá teangacha d'fhonn tuiscint agus éagsúlacht a chothú, agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn, freisin, agus go bhfuil siad bunriachtanach le haghaidh na forbartha pearsanta, le haghaidh na soghluaisteachta agus na rannpháirtíochta sa tsochaí, agus le haghaidh na hinfhostaitheachta.

13.2. MEABHRAÍONN SÍ DI an uaillmhian a chur an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi i mí na Nollag 2017 i dtaca le foghlaim teangacha.

13.3. MEABHRAÍTEAR DI conclúidí ón gComhairle mhí na Bealtaine 2014 maidir leis an ilteangachas agus forbairt na n-inniúlachtaí teanga, inar iarradh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh agus a fheabhsú, ar bearta iad lena ndírítear ar ilteangachas a chur chun cinn agus ar cháilíocht agus ar éifeachtúlacht na foghlama teanga agus an teagaisc a chur chun cinn.

14. CÁILÍOCHTAÍ A AITHINT[2]

14.1. MEASANN SÍ, agus an Limistéar Eorpach Oideachais á chruthú, go bhfuil an-tábhacht ag baint le haithint na gcáilíochtaí ardoideachais agus ar leibhéal an mheánoideachais, chomh maith le haitheantas a thabhairt do thorthaí tréimhsí foghlama a chaitear thar lear, mar go gcuidíonn siad le soghluaisteacht foghlaimeoirí, gan bac gan srian, ar fud an Aontais ar fad.

14.2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá comhar idir córais oideachais agus oiliúna, soláthraithe oideachais agus oiliúna agus geallsealbhóirí eile chun beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chomh maith le cuidiú le muinín a chothú i nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta agus meastóireachta feabhsaithe.

14.3. MEABHRAÍONN SÍ DI an dara fleasc d'Airteagal 165(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ina n-iarrtar ar an Aontas aitheantas acadúil dioplómaí agus tréimhsí staidéir a spreagadh, rud a chuirfidh le Coinbhinsiún Liospóin ar Cháilíochtaí a Aithint maidir leis an Ardoideachas sa Réigiún Eorpach agus na téacsanna coimhdeacha d'fhonn soghluaisteacht mhac léinn agus múinteoirí; URRAMAÍONN SÍ GO hIOMLÁN freagrachtaí agus inniúlachtaí na mBallstát sa réimse seo agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart na réitigh atá beartaithe ar leibhéal an Aontais a bheith bunaithe ar an trédhearcacht agus ar an muinín, agus ba cheart go gcuirfí sainiúlachtaí chórais oideachais na mBallstát san áireamh.

AR A BHARR SIN, LEAGANN SÍ BÉIM

15. nach mór comhlántacht agus comhsheasmhacht a áirithiú sna tionscnaimh a áirítear sa choincheap agus sna gníomhartha amach anseo a mholfar agus a ghabhfar de lámh mar chuid de Limistéar Eorpach Oideachais i dtaca leis na córais náisiúnta oideachais agus oiliúna agus gur cheart gach leibhéal agus sórt oideachais a chur san áireamh, lena n-áirítear oideachas do dhaoine fásta agus gairmoideachas agus gairmoiliúint.

---

2 Cáilíochtaí mar a sainítear iad in Airteagal I de Choinbhinsiún Liospóin ar Cháilíochtaí a Aithint maidir leis an Ardoideachas sa Réigiún Eorpach (i.e. cáilíocht ardoideachais; agus cáilíochtaí lena dtugtar rochtain ar an ardoideachas).

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Cúlra polaitiúil**

1. *Council conclusions on preparing young people for the 21st century: an agenda for European cooperation on schools* [Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine óga a ullmhú don 21ú haois: clár oibre le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le scoileanna] (21 Samhain 2008).
2. Conclúidí ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhair Eorpaigh maidir le hoideachas agus le hoiliúint ('ET 2020') (12 Bealtaine 2009).
3. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le ról an oideachais a fhorbairt i dtriantán lánfheidhmiúil feasachta (26 Samhain 2009).
4. Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas agus cúram luath-óige: ag soláthar an túis is fearr don saol atá rompu dár leanaí uile (19 agus 20 Bealtaine 2011).
5. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ardoideachas a nuachóiriú (28 agus 29 Samhain 2011).
6. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann leis an ardoideachas (16 agus 17 Bealtaine 2013).
7. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné dhomhanda a bhaineann le hardoideachas Eorpach (25 agus 26 Samhain 2013).
8. Conclúidí ón gComhairle maidir le ceannaireacht éifeachtach san oideachas (25 agus 26 Samhain 2013).
9. Dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir leis an ilteangachas agus inniúlachtaí teanga a fhorbairt (20 Bealtaine 2014).
10. Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (Páras, 17 Márta 2015).
11. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról an oideachais luath-óige agus na bunscolaíochta i gcothú na cruthaitheachta, na nuálaíochta agus na hinniúlachta digití (18 agus 19 Bealtaine 2015).
12. *2015 Joint Report of the Council and the Commission on the implementation of the strategic framework for European cooperation in education and training (ET 2020) — New priorities for European cooperation in education and training* [Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) — Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint] (23 agus 24 Samhain 2015).

13. Conclúidí ón gComhairle maidir le luathfhágáil na scoile a laghdú agus leis an rath ar scoil a chur chun cinn (23 agus 24 Samhain 2015).

14. An Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le forbairt shocheacnamaíoch agus cuimsitheacht a chur chun cinn san Aontas tríd an oideachas: an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le Seimeastar Eorpach 2016 (24 Feabhra 2016).

15. Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint (30 Bealtaine 2016).

16. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *A new skills agenda for Europe: working together to strengthen human capital, employability and competitiveness* [Clár oibre nua scileanna don Eoraip: ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an fhostaíocht agus an iomaíochas a neartú] (10 Meitheamh 2016).

17. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún – *Improving and modernising education* [An t-oideachas a fheabhsú agus a nuachóiriú] (7 Nollaig 2016).

18. Moladh ón gComhairle maidir le conairí uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (19 Nollaig 2016)

19. Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an meastóireacht mheántéarma ar chlár Erasmus+ (2014-2020) (31 Eanáir 2018).

20. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách (17 Feabhra 2017).

21. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an bhféiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr: Ionchur an Choimisiúin Eorpaigh ag cruinniú na gCeannairí in Göteborg, 17 Samhain 2017.

22. Moladh ón gComhairle maidir le céimithe a rianú (20 Samhain 2017).

23. Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas (20 Samhain 2017).

24. Conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt scoile agus teagasc den scoth (20 Samhain 2017).

25. Conclúidí ón gComhairle Eorpach (14 Nollaig 2017).

26. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún dar teideal *Improving and modernising education* [An t-oideachas a fheabhsú agus a nuachóiriú] (17 Eanáir 2018).

27. Moladh ón gComhairle maidir le creat Eorpach do phrintíseachtaí ardchaighdeáin agus éifeachtacha (15 Márta 2018).

28. Moladh ón gComhairle ar chomhluachanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (22 Bealtaine 2018).

29. Moladh ón gComhairle ar Inniúlachtaí Lárnacha don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (22 Bealtaine 2018).